

BARTLA O CLOCHARTA^{3/1/33.}

A bhí i mBior Mór.

B'fhearr liom bheith ar an oileán ná san áit a bhfuil mé, ar mhullach cnuic na hÁirde Móire atá mé. Níl sgilling ná pinginn le saothrú ann. Níl bóthar ná casán ann.

Bhíomar a déanamh ceilpe ann. Bhí saothrú ar an gcarraigín. Thógamaois faochain ann. Bhíomar gar don iasgach agus bhíodh breac le marbhú ann. Oileán thar cionn le haghaidh féir. Bhí áit mhaith do na beithigh againn. Bhí gliomaigh le fagháil thart timcheall an oileáin – an-oileán saothruighthe é.

BIOR MÓR.

Bhí gunna agam agus bhinn a marbhú éanacha, neart éanacha, lachain, géabha fiadhaine. Bhídís a' tigheacht ar an oileán. Gairgreacha, ní fhaca mé thar péire gairg le chéile ariamh.

Tá gob caol biorach ar an ngaire agus cleiteacha siar as a chúl (merganser). Bhí cuimse de na broighill ann agus bhíodar blasta le n'ithe ag daoine, cuid aca ní íosfaidís iad. Ní raibh aon lá sa mbliain nach raibh éan le faghail. Bhíodh na broighill agus na cailleacha in aon mheall amháin ar cloch agus mharbhuighidís

dhá cheann déag aca le urchar. Tá an dubhéan chó dubh leis an teara. Tá spota breac faoi mhuineál na caillighe duibhe (dubhéan óg). Bíonn crosáin timcheall ar Bior Mór.

Aon leaprachán amháin ag an éan aille. Bíonn an ceann óg a singhil nuair a théidheann an sean-éan faoin bpoll sa taoille.

Tháinig éan aille dubh faoi tír i mBior Mór agus ruacan fáisgthe ar a ghob. Bhí an bíadh a bhí sa ruacan beo agus an t-éan caillte ag an ruacan.

Chonnaic mé goinead a tigheacht i dtír agus é tachtuighthe ag cruadán. Bhí earball an chruadáin aniar ar a sgórnach. Níor fhéad sé an cruadán a chuir siar nó aniar agus thacht an cruadán é.

Nead ag an lacha fhiadháin ar Bhior Mór, ag geabhróg ar bhord an taoille, 4 huibhe, uibheacha breaca. Sí atá olc. Nead ag Pilibíní ann. Dhá uibh dhéag ag lacha. Ní fhaca mé nead ag an roilleach ar Bhior ná ag broigheall na cailleach. Nead ag éiníní locha ar Bhior, ag ladhrán trágha. Nead na geabhróige – sgríobann sí an gaineamh. Dreoilín, londubh, céirseach gealbhán buidhe, caislín cloch.

Níor ghoid an faoilleán snámh ón Roilleach.

Tá snámh ag an Roilleach agus is féidir leis dul faoin bpoll ach ní ghabhfa sé ann go gcinnidh an saoghal air.

Chonnaic mé seabhac a tóraidheacht roillighe agus nuair a bhí an seabhac a tigheacht suas leithe chuaidh sí sa taoille agus chuaidh sí faoi'n bpoll. Nuair a chuaidh, chuaidh an seabhac ar an aill ag

faire. Nuair a tháinig an roilleach aníos anuas leis an seabhac arís. Chuaidh an roilleach faoin bpoll arís.

Ba dheas an áit Bior sa samhradh mara mbeadh ann ach go bhfeicfeá bolc muca mara a rith ar an mbradán fearna.

Tá méid mhór sa mbradán fearna. Tá sé glas geal san aer nuair eirigheann sé as an bhfarraige. An uair a bhíonn na muca cruinne ina timcheall eirigheann sé os cionn 18 dtroigh san aer de léim agus gabhfaidh sé deich slat d'eiltreog ag imtheacht ó na muca.

Tá an sgabhairneach an-mhór agus bior mór ar a druim.

Sleamhain atá an muc mhara gan na beantracha. Is mó go mór sga báirneach ná an mhuc mhara.

Fataí eorna coirce agus seagal curtha again ar an oileán.

Ní bhíodh aon uaigneas orainn.

Domhnach ar bith a bheadh breagh bhíodh muid a dhul chun an Aifrinn. Is iomdha oidhche nar leig an aimsir abhaile muid.

AN RUM LÁIDIR.

Chuaidh muid as Loch Con Uidhre i mbád seoil, gleoiteog bád liom féin, chuadhamar amach go hOileán an Dá Bhrunneog a' baint creathnaighe. Na fir a chuaidh ar an oileán fuaradar baraille rum. Thugamar an baraille abhaile agus roinneamar é ar na feara. Bhí sé an-láidir. Tháinig fear as Rosmuc ag iarraidh poitín, fuair sé cuid den rum agus thug sé abhaile é le haghaidh an torraimh. Fear a d'ól dhá gloine de cailleadh é.

AR MULLACH NA HÁIRDE.

Tá muid míle ón gcladach agus tuille. Tá an fheamainn abhfad uainn agus ní féidir í a thabhairt san áit a bhfuil muid ceal an bhóthair mara dtugamuid ar ár ndruim ann. Súil le bóthar chuile lá againn.

Tá curach ag céibh an hÁirde Móire againn le haghaidh gliomadóireacht. Bád sé mhaide, trí bhuille ar an taobh uirthi.

do láidir. Tá an bád do láidir = an-láidir.

CARRAIG A' STRAIMPÍN.

(Straimpín – téad ar ceann an ghriféid)

Tá an charraig i n-aice leis an Áird Mhór idir an Áird Mhóir agus Caladh Mhuighinse, níorbh fhiú do sheacht mallacht an fheamainn a bhíos uirthi. Bhí beirt fhear a' troid faoi agus chaitheadar £49 leis an dlighe.

Pictiúr don Straimpín.

Lá a mbeadh cruas air luighidís (na geabhaí) ar an bhféar ar an mBior.

Bíonn ceann aca ar áird ina cadhain aonraic ag aireachas don chuid eile.

Bíonn siad ag ithe féir sa ló ag ithe gainimh san oidhche. Tagann siad ar an tráigh gainimh san oidhche. D'éaluigh mé ar na géabhaí i mBior, ag imtheacht ar mo bholg go dtáinig mé i n-aice leobh.

Níl na lachain có háirdeallach leis na geabhaí.

Tagann an cleabhar caoch ann sa ngeimhreadh. Bíonn naosganna ann. Lán le naosganna agus feadóga ina gcluiche ann.

Níl sgeach ná crann a fás i mBior. Bíonn gála ann san ngeimhreadh.

Bíonn an chuach i mBior, bhí nead agam agus ba leis an gCaológ riabhach í, bhí cúig ubh innte, chaith an chuach amach iad agus rug sí féin a hubh sa nead.